

# **An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil: Scéim Áiseanna Pobal Scéim Caipitil 2017**

## **Treoirlínte**

**LÉIGH NA TREOIRLÍNTE SEO A LEANAS GO CÚRAMACH SULA GCOMHLÁNÓIDH TÚ AN FHOIRM IARRATAIS.**

### **1. Buneolas**

An 10ú Márta 2017 d'fhógair an tAire Stáit um Pobail agus an Straitéis Náisiúnta Drugaí, Catherine Byrne, TD, scéim nua deontas Caipitil ar fiú €2m í do cheantair uirbeacha agus thuaithe atá faoi mhíbhuntáiste. Mairfidh an scéim i dtosach báire ó mhí Iúil 2017 go mí na Nollag 2017 agus is é is cuspóir léi ná deontais chaipitil ar scála beag chun cabhrú le tionscadail phobail a seolta a ardú nó an chéad chéim eile a ghlacadh i dtreo barr críche.

Tá an Scéim á riaradh ag na Coistí Pobail Forbartha Áitiúla (LCDC) agus na Ceantair Bhardasacha a thagann faoi scáth na nÚdarás Áitiúil (LA) thar ceann na Roinne. Beidh na LCDCs freagrach as maoiniú a fháil agus a leithdháileadh mar go bhfuil siad an-oiriúnach chun na hiarratais is mó a thugann aghaidh ar spriocghrúpaí agus ar sprioc-cheisteanna na Scéime i ngach ceantar riaracháin LA a aithint.

Tá iarratais ar mhaoiniú á lorg anois faoin Scéim seo.

### **2. Aidhmeanna na Scéime**

Is é is aidhm leis an Scéim cur le pobail, cuidiú le pobail faoi mhíbhuntáiste agus comhtháthú sóisialta a fheabhsú ar bhonn áitiúil trí rochtain ar dheontais chaipitil ar scála beag a chur ar fáil.

Feidhmeoidh sí ar bhealach comhlántach le scéimeanna nó cláir eile atá á reáchtáil i bpobail, go háirithe SICAP (Clár Cuimsithe Sóisialta agus Rannpháirtíochta Pobail), RAPID (Ceantair a Athbheochan trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt), agus CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais), ag cur leis na cláir sin agus le scéimeanna tábhachtacha eile.

Lena chois sin, féachfar le dul i ngleic le cuid de na deacrachtaí atá ag grúpaí pobail maoiniú a fháil, fiú agus gan a bheith i gceist go minic ach maoiniú beag, chun cuidiú lena n-iarrachtaí féin airgead a bhailiú, d'fhonn tús a chur le tionscadail phobail

### **3a. Cé atá in ann cur isteach ar an scéim?**

Measfarna dreamanna agus na tionscadail seo a leanas a bheith incháilithe don scéim:

- Grúpaí áitiúla pobail agus grúpaí deonacha
- Tionscadail a bhfuil fócas pobail agus comhtháthaithe shóisialta ag baint leo atá sainithe go soiléir;
- eagraíochtaí neamhbhrabúis;
- Áireofar a bheith ina n-áiseanna incháilithe, ionaid phobail, clubanna óige, áiseanna spóirt/áineasa, áiseanna eile eagraíochta neamhbhrabúis.

### **3b. Cé nach bhfuil in ann cur isteach ar an scéim?**

- Níl eagraíochtaí tráchtála, daoine aonair ná eagraíochtaí neamhbhrabúis incháilithe do mhaoiniú faoin scéim seo.

### **4. Maoiniú atá Ar Fáil**

- Tairgfear deontais suas le €1,000 an tionscadal sa Scéim.
- I gcásanna áirithe, rachaidh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil thar an uasmhéid sin de réir mar is rogha leis nuair is dóigh leis go dteastaíonn maoiniú breise ón tionscadal d'fhonn is go bhféadfar é a chur i gcrích.
- Deimhneoidh grúpaí iarratais nach bhfuil maoiniú acu chun gabháil don obair in éagmais an chúnamh deontais, nó sin, de thairbhe an deontais, go ngabhfaidh siad do thionscadal níos mó ná mar a bheadh d'acmhainn acu íoc as ina éagmais.
- Más le haghaidh gné amháin de thionscadal an t-iarratas ar mhaoiniú, beidh ar iarratasóirí fianaise cháipéisíochta a chur ar fáil maidir le hiarmhéid an mhaoinithe a bheith ar fáil don ghné áirithe sin den tionscadal.
- Níl aon teorainn le líon na n-iarratas is féidir le heagraíocht a dhéanamh ar thionscadail dhifriúla. Mar sin féin, ba chóir go dtuigfeadh iarratasóirí go nglacfaidh an LCDC cur chuige cothrom d'fhonn a chinntiú go bhfaigheannchaon dream an oiread céanna maoinithe.

### **5a. An méid a mhaoineofar**

Féadfar tionscadail nó gnéithe de thionscadail de chineál caipitil a mhaoiniú, mar shampla, trealamh oifige, acmhainní tionscadail, áiseanna taighde, trealamh éifeachtúlacht fuinnimh, etc do ghrúpaí deonacha. Ní gá cómhaoiniú a fháil ó fhoinsí eile chun go ndéanfaí iarratas a cheadú.

I gcásanna ina ndéantar idir oibreacha reatha agus oibreacha caipitil in éineacht, ní féidir ach an ghné chaipitil den obair a mhaoiniú faoin Scéim seo.

Áireofar faoin Scéim seo maoiniú caipitil do thionscadail a thagann faoi scáth na réimsí seo a leanas. Tabhair ar aird nach bhfuil an liosta seo uileghabhálach:

- Ionaid phobail a fhorbairt/athchóiriú
- Áiseanna pobail
- Clubanna óige

- Áiseanna spóirt/áineasa
- Feabhas a chur ar pháirceanna baile agus ar chomhlimistéir agus ar spásanna coiteann
- Tionscadail de chuid Éire Ildánach 2017-2022

#### Spriocghrúpaí agus spriocréimsí téama

De réir éiteas na Scéime, tabharfar tús áite d'iarraitais ar mhaoiniú do thionscadail a dhíríonn ar an liosta seo a leanas (neamh-uileghabhálach) de ghrúpaí nó de cheisteanna:

- An Óige
- Daoine Aosta
- Inimircigh
- Dídeanaithe
- An Lucht Siúil
- Iarphríosúnaigh agus teaghlaigh príosúnaithe/iarphríosúnaigh
- Tionscadail trína gcuirtear gníomhaíocht chultúrtha chun cinn
- Tionscadail trína gcuirtear comhionannas chun cinn
- Tionscadail forbartha pobail
- Tionscadail trína gcuirtear imeascadh chun cinn
- Tionscadail a cháilíonn faoi phrionsabail Éire Ildánach 2017-2022

### **5b. An méid nach maioineofar**

Nílan caiteachas seo a leanas incháilithe do mhaoiniú:

- Aon tionscadal nach gcloíonn le héiteas na Scéime nó nach dtugann aghaidh ar cheann amháin, ar a laghad, de na spriocghrúpaí nó na spriocréimsí téama thuasluaite
- Aon tionscadail reatha mhaoinithe nó gnéithe de thionscadail
- Costais fostaíochta
- Gnáthchothabháil, miondeisiúnócostais leanúnacha eile
- Táillí dlí
- Táillí bainistithe tionscadail
- Talamh nó foirgnimh a cheannach
- Staidéir Féidearthachta
- Oibríochtaí príobháideacha nó tráchtála

### **6. Riachtanais na Scéime**

Baineann na coinníollacha seo a leanas le gach tionscadal:

- **Riachtanais Chánach**
  - Ní gá don ghrúpa/eagraíocht iarraitais a bheith cláraithe chun críocha cánach.
  - Má tá an grúpa/eagraíocht iarraitais cláraithe chun críocha cánach, ní mór don ghrúpa/eagraíocht cáin-chomhlíontach. De réir nósanna imeachta

athbhreithnithe a bhaineann le himréiteach cánach agus a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2016, ní mór an Uimhir Imréitigh Cánach agus an uimhir Thagartha Cánach a sheoladh isteach chun críocha fíoraithe.

- Ní íocfar CBL ach amháin sa chás go gcuirtear san áireamh é le méid an iarratais. Ní ghlacfar le tuilleadh iarrataí ar íocaíochtaí CBL ná le hathíocaíochtaí.
- **Toiliú Reachtúil** - Ní foláir d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil cead reachtúil nó toiliú reachtúil den uile chineál atá riachtanach faighte sula gcuirtear tús le haon obair. Áiríonn sé seo cead pleanála ach níl sé teoranta don méid sin.
- **Árachas** - Féadfaidh an LCDC fianaise scríofa ar pholasaí bailí árachais a iarraidh, más iomchuí, i rith an phróisis athbhreithnithe ar iarratais.
- **Maoiniú a admháil** - De bharr na méideanna deontas atá i gceist, ní bheadh sé éifeachtach ó thaobh costais de comharthaíocht a fháil ag tabhairt aitheantais don Roinn, don Údarás Áitiúil nó don LCDC. Mar sin féin, is leor admhálacha oiriúnacha eile a dhéanamh e.g. ar láithreán gréasáin an ghrúpa/na heagraíochta nó ar na meáin shóisialta.

## 7. Critéir Roghnúcháin

- Breathnóidh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) ar na hiarratais ar dtús chun a chinntiú go bhfuil siad incháilithe de réir éiteas na Scéime agus comhlántach le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) an cheantair.
- Déanfaidh an LCDC moladh agus seolfaidh an t-iarratas isteach chuig an gCeantar Bardasach.
- Déanfaidh an Ceantar Bardasach athbhreithniú ar an iarratas, ag breithniú mholadh an LCDC, agus déanfaidh sé cinneadh deiridh an t-iarratas a cheadú nó a dhiúltú.

Ní foláir na critéir seo a leanas a shásamh chun go mbeidh iarratais incháilithe:

- Ní foláir do thionscadail cloí le héiteas na Scéime
- Ní foláir do thionscadail a bheith comhlántach leis an LECP

Má shásaíonn tionscadail na critéir riachtanacha thuasluaite, d'fhéadfadh go dtabharfaí breithiúnas ar thionscadail maidir leis an mbealach:

- a gcuireann siad le líon na ndaoine/gcuairteoirí a ghlacann páirt in imeachtaí pobail agus a fhreastalaíonn orthu, agus a bhfeabhsaíonn siad áiseanna taobh istigh den dobharcheantar agus cur leo;
- a ndéantar infheistíocht iontu le húsáid áise ag grúpaí deonacha nó grúpaí pobail a mhéadú agus cur leis an úsáid;
- a laghdaíonn siad costas reatha bliantúil áise;
- a bhfuil dea-thionchar acu ar an timpeallacht, mar shampla, mar shampla, laghdú ar thomhaltas fuinnimh;
- a léiríonn siad comhoibriú leis an údarás áitiúil sa dobharcheantar;
- a dtacaíonn siad le hómós a thabhairt d'áit agus mórtas as an áit sin i measc an phobail, lena n-áirítear mar a chuireann an timpeallacht thógtha leis an méid sin;

- a dtéitear i ngleic le ceisteanna sláinte agus sábháilteachta;
- a ndéantar infheistíocht i dteicneolaíocht a mbainfidh spriocghrúpaí úsáid aisti.

## 8. Rialachas Corparáideach

### 8a Monatóireacht:

Beidh ar dhaoine a fhaigheann deontas cloí leis an gcaighdeán is airde dá bhfuil ann ó thaobh na trédhearcachta agus na freagrachtadomhánachasachais. Ciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe - Bainistiú Deontas agus Freagrachta as Deontais a thagann as Cistí an Stáit <http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf>

### 8b An Cód Rialachais d'eagraíochtaí Pobail agus Deonacha

Tá an Roinn ag moladh d'eagrais mhaoinithe an Cód Rialachais a ghlacadh, Cód Cleachtas do Dhea-Rialachas Eagraíochtaí Pobail, Deonaigh agus Carthanachta, a chuideoidh leat barr feabhais a bhaint amach i ngach gné de do chuid oibre. Iarrtar ar eagraíochtaí sa Chód Rialachais aontú feidhmiú de réir bunphrionsabal chun a n-eagraíochtaí a reáchtáil níos éifeachtaí i réimsí mar ceannaireacht, trédhearcacht agus freagracht, agus iad féin a iompar go hionraic, macánta. Tá tuilleadh eolais ar an gCód ar fáil ag [www.governancecode.ie](http://www.governancecode.ie)

## 9. Nósanna Imeachta Ceadaithe

Déanfar gach iarratas a gheobhaidh gach LCDC faoin scéim seo a athbhreithniú a mheas chun a chinntiú go gcomhlánaíonn siad an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a bhaineann le hábhar (LECP).

Ansin déanfar an t-iarratas mar aon le moladh an LCDC a chur faoi bhráid an Choiste Ceantair Bardasaigh (MD), a dhéanfaidh an cinneadh deiridh i dtaobh cheadú an tionscadail, ag cur san áireamh moladh an LCDC.

Agus leithdháileadh deiridh an mhaoinithe do thionscadal á chinneadh acu, cuirfidh an LCDC tosca éagsúla san áireamh, lena n-áirítear cothromaíocht tíreolaíochta, agus an inmhianaitheacht tionscadail éagsúla a mhaoiniú.

Tar éis don Cheantar Bardasach a gcinneadh a dhéanamh, tairgfear cúnamh deontais i bprionsabal i leith gach tionscadal ceadaithe, ach foirmiúlachtaí dlí agus riachtanais eile a bheith curtha i gcrích. Beidh an méid sin faoi réir na coinníollacha ábhartha a bheith á gcomhlíonadh agus iarratasóir na tairisceana seo a bheith sásta glacadh leis.

Ní gá don ghrúpa/eagraíocht íocaíocht a iarraidh; deimhneoidh an LCDC go bhfuil sonraí uile na foirme iarratais gan athrú agus déanfaidh siad íocaíocht láithreach.

Forchoimeádann an tAire an ceart na cistí a tairgeadh i leith tionscadal ceadaithe eile a athshannadh más rud é nach sásaítear na riachtanais uile taobh istigh de thréimhse shainmhínithe.

Forchoimeádann an Roinn agus/nó an tÚdarás Áitiúil an ceart chun iniúchadh caiteachais nó imscrúduithe a dhéanamh ó am go ham.

### **Tabhair ar Aird:**

Is gnách go lorgaítear níos mó ná mar atá de chistí ar fáil agus tá sé tábhachtach dá bharr go mbíonn an próiseas meastóireachta an-dian agus críochnúil. Is é is cuspóir leis an bpróiseas seo ná a chinntiú gurb iad na tionscadail is fearr, tar éis an uile thoisc a chur san áireamh, na tionscadail a mbeidh an lá leo agus a dtabharfar tacaíocht dóibh. Ceann de pholasaithe na Roinne ná a chinntiú go gcaitear go cothrom agus go neamhchlaonta leis an uile iarratas.

D'fhéadfadh go dtairgfí méid níos lú airgid don iarratasóir ná mar a lorg sé. Tuigeadh iarratasóirí go bhféadfadh go bhfuil níos mó daoine tar éis cur isteach ar an Scéim ná mar atá d'áiteanna ar fáil. Dá bhrí sin, i gcásanna dá leithéid, d'fhéadfadh nach n-éireodh le hiarratais a chomhlíonann na coinníollacha ar fad nó d'fhéadfadh gurbh fhiú méid níos lú iad ná mar a lorgaíodh lena n-aghaidh.

D'fhéadfadh go ndéanfaidh an LCDC agus/nó na Ceantair Bhardasacha, agus tograí atá faighte acu á meas acu, comhairle a lorg ó ghníomhaireachtaí eile, agus eolais ar thionscadail atá á mbreithniú a roinn leis na saineolaithe agus na gníomhaireachtaí sin.

## **10. Ginearálta**

Is é atá i gceist leis an eolas atá sa cháipéis seo ná go bhfaighidh iarratasóirí tuiscint ar an bpróiseas trína ndéantar iarratais ar mhaoiniú a mheas agus a cheadú agus ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil air é.

### **An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014**

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, féadfar sonraí a bhaineann le hiarratais agus le cáipéisí tacaíochta, a scaoileadh le tríú páirtithe má iarrtar iad. Má tá eolas i d'iarratas atá íogair nó príobháideach ó nádúr, cuir an méid sin in iúl agus tabhair míniú ar cén fáth nár cheart é a nochtadh. Má fhaightear iarratas faoin reachtaíocht eolas íogair a scaoileadh, rachfar i gcomhairle duit sula ndéanfar cinneadh cé acu ar cheart nó nár cheart an t-eolas a scaoileadh. Mar sin féin, mura gcuireann tú in iúl go bhfuil eolas ar leith íogair, d'fhéadfaí an t-eolas sin a nochtadh gan dul i gcomhairle leatsa.

### **Cuairteanna Stáit**

Féadfaidh an Roinn, an tÚdarás Áitiúil nó an LCDC cuairteanna a thabhairt ar láithreán gan é a chur in iúl roimh ré, d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le téarmaí agus coinníollacha na Scéime.

### **Féadfar tuilleadh eolais a iarraidh**

Forchoimeádann an LCDC an ceart tuilleadh eolais a iarraidh ort chun d'iarratas a mheas, más gá.

## **11. Conas iarratas a dhéanamh**

### **Foirm iarratais**

Tá an fhoirm iarratais mionsonraithe agus curtha i dtoll a chéile chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas riachtanach ag an LCDC agus an Ceantar Bardasach d'fhonn gach iarratas a mheas go cruinn agus go cothrom. **Déan cinnte go gcomhlánóidh tú an fhoirm iarratais ina hiomláine agus go bhfágfar faoi iamh aon cháipéisíocht a thacaíonn le d'iarratas.**

Ní dhéanfar ach tionscadail a shásaíonn na critéir thuasluaite a mheas ina dtionscadail atá incháilithe chun moladh a fháil do mhaoiniú deontais.

### **N.B. NÍ BHREITHNEOFAR IARRATAIS NEAMHIOMLÁNA NÁ IARRATAIS DHÉANACHA.**

Má sheoltar isteach eolas bréagach nó míthreorach isteach chuig an Roinn ag aon am, caithfear leis an méid sin go tromchúiseach. Aon eagraíocht nach gcomhlíonann téarmaí agus coinníollacha na Scéime, féadfar imscrúdú a dhéanamh orthu, a ndéontas a tharraingt siar, ceangal a chur orthu iomlán deontais nó cuid de dheontas a aisíoc agus/nó bac a chur orthu iarratais a dhéanamh ar feadh tréimhse ama. Cuirfear in iúl don Gharda Síochána faoin uile shárú ar théarmaí agus ar choinníollacha na Scéime.

**Ba cheart iarratais a chur ar aghaidh chuig:**

**An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil**

***[cuir isteach líne 1 den seoladh]***

***[cuir isteach líne 2 den seoladh]***

***[cuir isteach líne 3 den seoladh]***

***[cuir isteach líne 4 den seoladh]***

***[cuir isteach Eircode]***

**Má bhíonn aon cheisteanna agat, seol ríomhphost chuig: *[cuir isteach seoladh ríomhphoist an LCDC anseo]***